# DAONÁIREAMH I SCOILEANNA

Oideachas Saoránach
Sóisialta Polaitiúil (OSSP)

**Réamhrá ar Bhígí sa Chomhaireamh!**

Áis foghlama agus teagaisc ar an
Daonáireamh le húsáid i OSPS

DAONÁIREAMH
3 AIBREÁN 2022
www.census.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

# Clár Ábhair


Forbhreathnú i

Conas a nascann an Pacáiste Acmhainní leis an gcuraclam: Nótaí múinteoirí ii

**Snáithe 1:**
Cearta agus Freagrachtaí 01

**Snáithe 2:**
Saoránacht Dhomhanda 03

**Snáithe 3:**
An Daonlathas a Iniúchadh 05

**Seachtainí Gníomhaíochta** 07

**Na Ráitis Fhoghlama** 09

**Míniú ar an Daonáireamh** 10

# Forbhreathnú:

Fáilte go Bígí sa Chomhaireamh! Scríobhadh an acmhainn teagaisc agus foghlama seo chun daltaí a mhealladh agus a spreagadh le bheith fiosrach agus suim a bheith acu i sonraí a léirmhíniú, a mheas, a bhailiú, a thaifeadadh agus a anailísiú mar bhealach chun tuiscint a fháil ar ár ndomhan atá ag síorathrú.

Féachann sé le cuidiú le daltaí agus le múinteoirí rochtain agus tuiscint a fháil ar an raon leathan faisnéise tábhachtach, úsáideach agus suimiúil a sholáthraíonn an daonáireamh, agus conas a chuidíonn an fhaisnéis seo lenár bpobail agus lenár sochaí a mhúnlú agus a athchóiriú sa todhchaí trí bheartas a bhaineann le gach gné dár saol.

Féachann sé le cumhacht a thabhairt do mhic léinn a bheith ina saoránaigh ghníomhacha agus raon scileanna a fhorbairt atá ar aon dul le ráitis fhoghlama na Sraithe Sóisearaí mar aon le príomhscileanna agus torthaí foghlama ar leith an ghearrchúrsa nua OSSP.

Tá sé mar aidhm aige freisin cuidiú le múinteoirí a bhfuil sé de chúram orthu an gearrchúrsa OSSP a chur i bhfeidhm ina seomraí ranga trí iad a roinnt agus a struchtúrú timpeall ar an trí shnáithe den chúrsa. Tá sé mar aidhm aige faisnéis chúlra a sholáthar do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar ábhair a bhaineann leis an daonáireamh, mar shampla an fáth go dteastaíonn faisnéis an daonáirimh uainn, na sonraí a bhailítear, conas a dhéantar an daonáireamh, cad a tharlaíonn do na sonraí, agus saincheist na bailíochta.

## Conas a nascann an Pacáiste Acmhainní leis an gcuraclam: Nótaí múinteoirí

I leagan amach an Phacáiste Acmhainní ailínítear an fhaisnéis agus na sonraí a sholáthraíonn an daonáireamh, agus acmhainní eile na Príomh-Oifige Staidrimh, i bpleananna ceachta atá bunaithe go sonrach ar na trí shnáithe sa tSonraíocht Curaclaim 2021 . Ní mór a thabhairt faoi deara go múintear Snáithe 1 de ghnáth sa chéad bhliain, Snáithe 2 sa dara bliain agus Snáithe 3 sa tríú bliain. Is féidir na trí phlean ceachta gníomhaíochta deiridh a chur le gach ceann de na bloic cheachta agus deis a thabhairt do mhúinteoirí taifead gníomhaíochta a chríochnú do gach bliainghrúpa. Tabhair faoi deara freisin go múintear OSSP i bhformhór na scoileanna in aon tréimhse amháin sa tseachtain sa chéad agus sa tríú bliain agus ar feadh dhá thréimhse sa tseachtain sa dara bliain, mar sin tá an ceacht breise beartaithe don bhliainghrúpa seo. Tá gach ceacht deartha le húsáid le linn tréimhse ranga de dhaichead nóiméad.

Ní mór do dhaltaí trí ghníomh saoránachta a chur i gcrích mar chuid dá gcuid foghlama ar fud shnáitheanna an ghearrchúrsa OSSP. Díríonn an cúrsa ar dhaltaí ag foghlaim na acmhainneachta a bheith ag obair le daoine eile chun dul i bhfeidhm ar athrú. Áirítear san acmhainn seo gníomhartha féideartha a spreagann daltaí taifead gníomhaíochta saoránachta a chruthú bunaithe ar a gcuid foghlama ar an daonáireamh.

# **Snáithe 1**
# Cearta agus Freagrachtaí



## Ceacht 1

An Daonáireamh agus Comhionannas: Is réamhrá é an ceacht seo agus leagtar béim ar an gcaoi a nascann an daonáireamh le cearta daonna agus comhionannas, go háirithe cearta leanaí. Ba chóir go gcuirfeadh an ceacht seo daltaí ar an eolas faoin gcaoi a gcuidíonn faisnéis a chuirtear ar fáil sa daonáireamh le béim a leagan ar an ngá atá le háiseanna mar thithe, scoileanna, cúram leanaí, ionaid sláinte, áiseanna spóirt agus áineasa.

**Torthaí Foghlama: 1.1, 1.3, 1.4, 1.11**

## Ceacht 2

An Daonáireamh, Dínit Dhaonna agus Éagsúlacht: Díríonn an ceacht seo ar an gcaoi a gcuidíonn na ceisteanna ar an daonáireamh linn tuiscint a fháil ar éagsúlacht inár sochaí agus conas is féidir leis na sonraí a bhailítear cabhrú linn mar shochaí chun comhionannas a chur chun cinn, chun idirdhealú a chosc, agus chun na huirlisí a thabhairt dúinn chun idirdhealú a shárú ar bhealach níos fearr. Scrúdaíonn an ceacht seo bagairtí ar chearta an duine cosúil le claontacht agus steiréitíopáil.

**Torthaí Foghlama: 1.8, 1.11**

# **Snáithe 2**
# Saoránacht Dhomhanda



## Ceacht 3

An Daonáireamh agus an Eacnamaíocht: Féachann an ceacht seo le míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcuidíonn na sonraí ón daonáireamh le beartas an rialtais a chur ar an eolas faoi chúrsaí eacnamaíochta, m.sh. cá bhfuil tithíocht, siopaí agus seirbhísí eacnamaíocha eile ag teastáil. Conas ar chóir aghaidh a thabhairt ar cheisteanna cosúil leis an deighilt uirbeach tuaithe, agus conas réimsí fáis shóisialta nó díothachta sóisialta a aithint agus soláthar dóibh.

**Torthaí Foghlama: 2.6, 2.7, 2.12**

## Ceacht 4

An Daonáireamh, Forbairt agus Forbairt Inbhuanaithe: Scrúdaíonn an ceacht seo coincheap na forbartha agus cruthóidh sé tuiscint ar an gcaoi ar féidir le forbairt tarlú ar bhealach freagrach. Is é an fócas ná sonraí a bhailítear sa daonáireamh a nascadh le próiseas pleanála daonlathach. Cuirfear na daltaí ar an eolas faoi nádúr casta na réiteach pleanáilte agus go gcaithfidh forbairt inbhuanaithe freastal ar riachtanais an lae inniu gan cur isteach ar chumas na nglún atá le teacht freastal ar a gcuid riachtanas.

**Torthaí Foghlama: 2.2, 2.4, 2.7, 2.12**

## Ceacht 5

An Daonáireamh agus Athrú Aeráide: Tá nasc díreach ag an gceacht seo le ceisteanna an daonáirimh ar fhuinneamh in-athnuaite, teas, úinéireacht gluaisteán agus maireachtáil inbhuanaithe. Tá an fócas ar thuiscint na mac léinn gur cuid den chomhshaol iad agus ar an gcaoi ar féidir leo mar shaoránaigh cur le háit níos fearr a dhéanamh den domhan trína lorg coise éiceolaíoch a laghdú. Ba cheart go mbeadh daltaí in ann nasc a dhéanamh idir an chaoi a gcuireann na sonraí a bhailítear ón daonáireamh bonn eolais faoi phleanáil an rialtais chun spriocanna aeráide tábhachtacha a bhaint amach.

**Torthaí Foghlama: 2.4, 2.9, 2.10, 2.12**

# **Snáithe 3**
# An Daonlathas a Iniúchadh



## Ceacht 6

An Daonáireamh agus an Daonlathas agus Beartas an Rialtais: Aithníonn an ceacht seo an nasc atá idir an daonáireamh agus an daonlathas, ag díriú ar an gcaoi ar féidir an fhaisnéis a fhaightear ón daonáireamh a úsáid chun próisis chinnteoireachta a threorú ar bheartas agus ar sheirbhísí poiblí. Ba chóir do dhaltaí foghlaim faoin mbealach is féidir le saoránaigh a Stát a mhúnlú.

**Torthaí Foghlama: 3.2, 3.3, 3.5, 3.6, 3.14**

## Ceacht 7

An Daonáireamh agus an Dlí: Breathnaíonn an ceacht seo ar an gcaoi a dtéann an dlí i bhfeidhm orainn go léir inár saol laethúil, go háirithe tábhacht na dlíthiúlachta agus na bailíochta i mbailiú sonraí. Tugann sé deis freisin cáipéisí dlí a iniúchadh.

**Torthaí Foghlama: 3.7, 3.8, 3.11, 3.14**

# Seachtainí Gníomhaíochta



Is féidir na ceachtanna seo a úsáid ag deireadh gach ceann den trí shnáithe agus ceadaítear solúbthacht leo ionas go léireoidh an gníomh a rinneadh an fhoghlaim a cuireadh i gcrích sna snáitheanna:

## Ceacht 8

An taisceadán todhchaí: Tá nasc díreach ag an gceacht seo leis an ngné taisceadán todhchaí den daonáireamh, ag tabhairt ama do dhaltaí dialann de na comhthéacsanna agus na hinstitiúidí laethúla lena mbaineann siad a iniúchadh agus a chruthú agus aird a tharraingt ar an áit a bhfuil cumhacht agus tionchar acu. Beidh siad in ann a chur in iúl an chaoi a bhfuil siad ceangailte le héiceachórais daoine agus áiteanna in aice láimhe agus i bhfad i gcéin. Ina theannta sin, beidh siad in ann plé a dhéanamh ar cad atá i gceist le bheith i do dhuine agus maireachtáil i bpobal a bhfuil cearta agus freagrachtaí aige/aici i saol an lae inniu.

**Torthaí Foghlama: 1.1, 2.1, 3.1 ag brath ar an snáithe**

## Ceacht 9/10

Tá seachtainí gníomhaíochta struchtúrtha in dhá phríomhchéim.  Ar dtús, taighde i bhfoirm bailiú sonraí agus sa dara háit, gníomh bunaithe ar na fionnachtana seo.

Tá sé mar aidhm ag na seachtainí gníomhaíochta seo guth áirithe a thabhairt do na daltaí ar ghníomh stíl suirbhé bunaithe ar
fhormáid an daonáirimh d'fhonn cabhrú le feasacht a mhúscailt ar cheann de na hábhair a chuimsítear le linn an Phacáiste Acmhainní seo. Cuideoidh an suirbhé leis an ngníomh a rinneadh ansin a threorú. Tá sé i gceist go bhféadfadh na seachtainí gníomhaíochta seo a bheith solúbtha ó thaobh méide de chun ligean don mhúinteoir cumas agus spéis a cuid daltaí a thomhas agus iad a úsáid mar phíosaí measúnaithe níos giorra nó mar thaifid Ghníomhaíochta Saoránachta nó CBAnna.

Na Ráitis Fhoghlama ó Chreat don tSraith Shóisearach atá ar aon dul leis an Acmhainn seo:

3: Cruthaíonn, léirthuigeann agus léirmhíníonn sé/sí go criticiúil raon leathan téacsanna

6: Is mór aige/aici agus tá meas aige/aici ar an gcaoi ar chuidigh luachanna, creidimh agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina gcónaíonn sé/sí

7: Is mór aige/aici an bhrí atá le bheith i do shaoránach gníomhach le cearta agus freagrachtaí i gcomhthéacsanna áitiúla agus níos leithne

8: Is mór aige/aici an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí tábhacht an chaidrimh idir imeachtaí san am atá thart agus imeachtaí reatha agus na fórsaí a spreagann athrú

9: Tuigeann sé/sí bunús agus tionchair ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain timpeall air / uirthi

10: An fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an spreagadh aige/aici chun maireachtáil ar bhealach inbhuanaithe

16: Tugann sé/sí cur síos, léiriú, léirmhíniú agus míniú ar phatrúin agus ar chaidrimh

18: Féadfaidh sé/sí Imeachtaí agus próisis eimpíreacha a bhreathnú agus a mheas agus asbhaintí agus conclúidí bailí a bhaint amach

# Míniú ar an Daonáireamh

Insíonn an daonáireamh dúinn cé muid. Gach cúig bliana faigheann muid deis ár marc a fhágáil trí thaifeadadh cé muid féin, cá bhfuilimid, cad a dhéanaimid, cad atá le tairiscint againn agus cad é an staid reatha atá againn. Áiríonn an daonáireamh daoine agus teaghlaigh uile na tíre. Tugann gach daonáireamh pictiúr soiléir dúinn de dhálaí sóisialta agus maireachtála na ndaoine. Soláthraíonn an daonáireamh, mar sin, faisnéis ríthábhachtach chun todhchaí na hÉireann a phleanáil. Tá an fhaisnéis seo go léir ar fáil saor in aisce ar an suíomh gréasáin an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS).

Tá an daonáireamh éigeantach; tá ceanglas dlíthiúil ar an bpobal comhoibriú. Faoi Alt 26 den Acht Staidrimh, 1993 féadfar fíneáil suas le €44,440 a ghearradh ar aon duine a mhainneoidh nó a dhiúltaíonn an fhaisnéis seo a sholáthar nó a sholáthraíonn faisnéis bhréagach go feasach.

Ráthaítear go dlíthiúil rúndacht thuairisceán Daonáirimh gach teaghlaigh leis an Acht Staidrimh, 1993 agus ní féidir faisnéis a úsáid ach chun críocha staidrimh.

De ghnáth ó na 1950idí bhí daonáireamh ag Éirinn gach cúig bliana. Bhí daonáireamh le bheith ar siúl in 2021 ach cuireadh siar é mar gheall ar an bpaindéim Covid-19.